**RABHADH**
**CAITHFEAR an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

# Gnó – Gnáthleibhéal

**(400 marc)**

## DÉARDAOIN 13 MEITHEAMH 2019 – MAIDIN 9:30 – 12:00

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A) Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre** cheist as **ROINN 2 mar seo a leanas:**

Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a Úsáideadh:**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a chur ar ais i dteannta an fhreagarleabhair a úsáidtear chun Cuid 2 a fhreagairt.**

# ROINN 1
# (100 marc)

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an scrúdpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra sa spás cuí.
(Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.)

| | |
|---|---|
| CGB (*AGM*) | |
| AGE (*AOB*) | |
| CGU (*EGM*) | |

**2.**

Táirge **A**




Táirge **B**




Baineann gnólachtaí úsáid as straitéisí an phraghais ísil agus an phraghais aird ina gcumasc margaíochta.

Ainmnigh an táirge (**A** nó **B**) mar a bhfuil siad seo á n-úsáid ag an ngnólacht:

(i) **Praghsáil Bhisigh**:

________________________________________

(ii) **Praghsáil Fódaithe**:

________________________________________

**3.** Roghnaigh an focal nó na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú.
(Tá dhá fhocal ann nach mbeidh in úsáid.)

**SLÁNAÍOCHT** **COSTAIS** **MEON LÁNMHAITH** **FAISNÉIS**

Prionsabal árachais is ea________________________________ ina sonraítear nach mór don árachaí gach ___________________________ ábhartha a bhaineann leis an riosca atá á chur faoi árachas a nochtadh go deonach, go cruinn agus go hiomlán, cibé acu a iarradh nó nár iarradh í.

**4.** *Bhí an euro fiche bliain ar an saol i mí Eanáir 2019.*



Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí na hÉireann as airgeadra an euro a úsáid.

(i) ____________________________________________________________

(ii) ____________________________________________________________

**5.** Dréachtaigh an meamram a sheol Stiofán Ó Cinnéide, Bainisteoir TFC, **ar dháta an lae inniu** chuig na Bainisteoirí Díolacháin go léir ag meabhrú dóibh go bhféadfaidh na hÚdaráis um Chosaint Sonraí fíneálacha a ghearradh i gcás neamhchomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

**Meamram**

**Chuig:** ______________________________________________

**Ó:** ____________________ **Dáta**: ____________________

**Maidir le:** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Síniú:** _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ **Teideal:** _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**6.** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart** i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Nuair a ghlactar go soiléir, go hiomlán agus go neamhchoinníollach le tairiscint, is ionann é sin agus **cuireadh chun déileála / comhaontú dlíthiúil.**

(ii) I gconradh, ní mór do gach páirtí rud éigin a bhfuil luach leis a thabhairt don pháirtí eile agus **comaoin / toiliú le conradh** a thugtar air sin**.**

(iii) Tá conarthaí áirithe ann nach mór a bheith i scríbhinn má tá siad le bheith bailí de réir dlí. **Dlíthiúlacht foirme / dlíthiúlacht cuspóra** a thugtar air sin.

(iv) **Tá / níl** sé d'inniúlacht ag daoine atá faoi thionchar alcóil nó drugaí conradh dlíthiúil a dhéanamh.

**7.** Mínigh na cineálacha cánach seo a leanas.

(i) Cáin Chorparáideach:

______________________________________________

______________________________________________

(ii) Cáin Bhreisluacha:


______________________________________________

______________________________________________

**8.** Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart, an stíl cheannaireachta a mbaineann gach ráiteas léi.

| **Ráiteas** | **UATHLATHACH** | **DAONLATHACH** | **LAISSEZ-FAIRE** |
|---|---|---|---|
| Téann an ceannaire seo i mbun plé agus comhairliúcháin leis an bhfoireann nuair atá cinntí á ndéanamh aige/aici. | | | |
| Ní théann an ceannaire seo i mbun plé agus comhairliúcháin leis an bhfoireann nuair atá cinntí á ndéanamh aige/aici. | | | |
| Ceadaíonn an ceannaire seo dá f(h)oireann a gcinntí féin a dhéanamh. | | | |

**9.** Críochnaigh an Bealach Dáileacháin seo a leanas.




**10.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ar cheart d'fhiontraí plean gnó a ullmhú.

(i) ____________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

(ii) ___________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**11.** Tá a chuid leachtachta á scrúdú ag L. Ó Briain Teo.
Ón eolas thíos, ríomh an Cóimheas Reatha. (Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibre.)


| | |
|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | **€150,000** |
| **Fiachais Reatha** | **€75,000** |

| | |
|---|---|
| Foirmle: | |
| Obair: | |
| **Freagra:** | |

**12.** Déan staidéar ar Thábla 1 thíos agus bain úsáid as an eolas chun an táirge cuí (carr) a líonadh isteach i gcéim **A**, **B**, **C**, agus **E** de Shaolré an Táirge. Tá **D** déanta cheana duit.

**Tábla 1**

| Carr leictreach (EV) | Chevy ó na 1950idí | Carr uathrialaitheach de chuid GM | An VW Golf | Jeep Díosail 2.0 Lítear |
|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |




**13.** Scríobh an focal **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.

| | |
|---|---|
| Teicníc chun smaointe a ghiniúint is ea tobsmaointeoireacht. | |
| Baineann Scagadh Táirgí le sampla nó 'samhail' de tháirge a fhorbairt. | |
| Le linn chéim na hindéantachta d'fhorbairt táirgí, cuirtear an táirge ar fáil don mhargadh. | |
| Is é atá i gceist le margaíocht tástála ná sampla beag a chur amach chun freagairt an tomhaltóra a thástáil agus aiseolas a fháil. | |

**14.** *Tá dea-chumarsáid idir bainisteoirí agus fostaithe an-tábhachtach má tá rath le bheith ar ghnó.*

Roghnaigh an modh cumarsáide is oiriúnaí sna cásanna seo a leanas agus mínigh an chúis le do rogha **i ngach** cás.

(i) An bhainistíocht i mbun cumarsáide maidir le feidhmíocht airgeadais an ghnólachta.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

(ii) An bhainistíocht ag tabhairt rabhadh foirmiúil do bhall foirne maidir lena (h)iompar.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

(iii) An bhainistíocht i mbun comhairliúcháin le ball foirne maidir le cinneadh práinneach.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**15.** Is liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1. Is liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gColún 2. **Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh**.

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Colún 1: Téarmaí Gnó | Colún 2: Míniúcháin | |
|---|---|---|
| **1.** Príobháidiú | **A.** | Tionscail na tógála agus na déantúsaíochta. |
| **2.** Cuideachtaí Dúchasacha | **B.** | Soláthraithe seirbhíse mar Ryanair agus Aer Lingus. |
| **3.** An Earnáil Thánaisteach | **C.** | Gnólachtaí atá faoi úinéireacht Éireannach agus atá lonnaithe in Éirinn. |
| **4.** An Earnáil Threasach | **D.** | Cuideachta atá faoi úinéireacht an stáit, amhail Bord Gáis, a dhíol. |
| **5.** An Earnáil Phríomhúil | **E.** | An rialtas ag ceannach scaireanna i gcuideachta mar bhanc AIB. |
| | **F.** | Tionscail eastóscacha mar an iascaireacht, an fheirmeoireacht agus an fhoraoiseacht. |

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a chur ar ais i dteannta an fhreagarleabhair a úsáidtear chun Cuid 2 a fhreagairt.**

# ROINN 2
# (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2**
**AGUS** ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

## CUID 1

### DAOINE SA GHNÓ

**Ceist 1**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



**Gúna Deibeanna**

Cheannaigh Sinéad Ní Bheoláin a gúna deibeanna ó mhiondíoltóir áitiúil. Nuair a chuir sí uirthi an gúna sa bhaile, thug Sinéad faoi deara go raibh smál ar aghaidh an ghúna. Rinne Sinéad staidéar ar dhlí an tomhaltais sa rang Gnó ar scoil agus ba chuimhin léi nach mór d'earraí a bheith ar cháilíocht inmhargaidh agus oiriúnach don fheidhm.

**(A)** (i) Ainmnigh an dlí/an t-acht tomhaltais a thugann cosaint do Shinéad sa chás sin.
(ii) Mínigh na téarmaí **cáilíocht inmhargaidh**agus **oiriúnach don fheidhm**. (20 marc)

**(B)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál réitigh / sásaimh a bhfuil Sinéad ina dteideal.
(ii) Mínigh modh **amháin** a d'fhéadfadh Sinéad a úsáid mar chruthúnas ar cheannach.
(15 mharc)

**(C)**

Má dhiúltaíonn an miondíoltóir sásamh a thairiscint, tabharfaidh Sinéad a cás os comhair Chúirt na Mionéileamh.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste don tomhaltóir as cás a thabhairt os comhair Chúirt na Mionéileamh. (15 mharc)

**(D)**




**Aird tarraingthe ar an leithcheal i gcúrsaí fostaíochta ag fógra 'scannalach' le haghaidh poist a d'fhoilsigh cuideachta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath**

'Ní cóir do dhaoine a bhfuil leanaí óga acu iarratas a dhéanamh' an abairt a bhí i bhfógra poist a d'fhoilsigh cuideachta ola atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath ar an inneall cuardaigh earcaíochta, Indeed.com. www.independent.ie/business

(i) Ainmnigh an dlí / an t-acht a thugann cosaint d'fhostaí i gcás leithcheala.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhoras ar a bhfuil an leithcheal toirmiscthe. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le haighnis faoi chaidreamh tionsclaíoch idir ceardchumainn agus fostóirí. (10 marc)
**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 2

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Sampla de chaiteachas an Rialtais**

| Coimirce Shóisialta | Sláinte | Oideachas | Fónamh d'Fhiachas Íocaíochtaí AE | Iompar |
|---|---|---|---|---|
| €20 billiún | €15 bhilliún | €10 mbilliún | €11 bhilliún | €2 bhilliún |

Cuireadh na figiúirí in oiriúint don cheist
***Foinse na n-íomhánna*** *- http://www.whereyourmoneygoes.gov.ie*

**(A)** Tarraing **Barrachairt nó Líneghraf** chun an t-eolas thuas a léiriú.
(Féadfaidh tú grafpháipéar a úsáid.) (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá shampla** de chaiteachas an rialtais ar an oideachas. (10 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólachtaí as méadú ar chaiteachas an rialtais in **aon cheann** de na hearnálacha thuas. (15 mharc)

**(D)**

**An chuideachta ilnáisiúnta, Amazon, chun 1,000 post nua a chruthú i mBaile Átha Cliath**
*www.rte.ie*

amazon

(i) Mínigh cad is brí leis an téarma **cuideachta ilnáisiúnta**.
(ii) Mínigh **dhá** chúis a roghnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta lonnú in Éirinn. (20 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste, seachas fostaíocht, a bhaineann geilleagar na hÉireann as cuideachtaí ilnáisiúnta. (10 marc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3



**(A)** Déan liosta de **thrí** shampla d'earraí / de sheirbhísí a iompórtáiltear go hÉirinn.
(10 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a n-iompórtáiltear earraí agus seirbhísí go hÉirinn.
(20 marc)

**(C)** Mínigh an téarma **easpórtálacha** agus tabhair sampla **amháin**. (15 mharc)

**Easpórtálacha agus Iompórtálacha na hÉireann - Eanáir 2019**
I mí Eanáir 2019 b'fhiú €13,703m Easpórtálacha na hÉireann agus b'fhiú €6,520m Iompórtálacha na hÉireann.
*www.cso.ie*

**(D)** (i) Déan Comhardú na nÍocaíochtaí do mhí Eanáir 2019 a ríomh agus na figiúirí thuas á n-úsáid agat. **Taispeáin do chuid oibre**.
(ii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann. (15 mharc)

**(E)** *Déanann Éire trádáil neamhshrianta le tíortha eile an Aontais Eorpaigh.*
(i) Ainmnigh **trí** thír de chuid an Aontais Eorpaigh a ndéanann Éire trádáil leo.
(ii) Mínigh an téarma **taraif**. (15 mharc)

**(75 marc)**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



Is í an chuideachta dhúchasach Éireannach, Smyths Toys Superstores, an miondíoltóir bréagán is mó san Eoraip anois. Bhíodh teach tábhairne agus siopa nuachtán ag Bridie agus Paddy Smyth i gClár Chlainne Mhuiris agus ina theannta sin dhíolaidís bréagáin. Ba é sin a chuir tús leis an ngnólacht bréagán agus siamsaíochta atá ag a gclann anois.

Tá roinnt de mhuintir Smyth ina scairshealbhóirí sa chuideachta agus tá breis agus 100 siopa acu ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Bíonn réimse ollmhór bréagán do pháistí sa stoc acu agus athraíonn sé sin de réir an ama den bhliain. Cabhraíonn na stiúrthóirí agus an bhainistíocht shinsearach le fís Smyths Toys Superstores a leagan amach. Is é Tony Smyth Stiúrthóir Bainistíochta an ghnólachta seo atá faoi úinéireacht an teaghlaigh.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** scil/thréith fiontraíochta a léiríonn fiontraithe. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** riosca a bhaineann le do ghnólacht féin a bhunú. (15 mharc)

**(C)** (i) Ainmnigh **dhá** chineál plean a úsáidtear i gcúrsaí gnó.
(ii) Mínigh cineál **amháin** plean a d'fhéadfadh a bheith ag Smyths Toys Superstores.
(15 mharc)

**(D)** (i) Mínigh an téarma **rialú stoic**.
(ii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil rialú stoic tábhachtach do shiopa bréagán. (15 mharc)

**(E)** Tarraing léaráid chun an **struchtúr feidhmiúil eagrúcháin** i ngnólacht a bhfuil ceithre roinn ann a léiriú. (15 mharc)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT

**CEIST 5**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

KILDARE VILLAGE

**Fógra poist – Foireann Díolacháin Shéasúrach don ionad díola *Sár-Éadaí***

Foireann díolacháin shéasúrach pháirtaimseartha ag teastáil ón ionad díola *Sár-Éadaí*

**An Ról**: Mar Chúntóir Díolacháin, is tusa aghaidh na cuideachta.
Féach ar an suíomh gréasáin chun Sainchuntas Poist iomlán a fháil.

Ní mór don **duine** a bheith spreagtha agus dearfach.
Féach ar an suíomh gréasáin chun Sonraíocht faoin bPearsa iomlán a fháil.

**A bhfuil á thairiscint againn**: Ráta iomaíoch €15.00 in aghaidh na huaire, oiliúint ionduchtaithe, lascaine dhochreidte don fhoireann (50% ar líne agus sa siopa), liúntas flaithiúil i gcomhair éadaí, mar gur aoibhinn leat ár mbranda a chaitheamh.
Féach ar an suíomh gréasáin chun liosta de na **sochair chomhchineáil** a fháil.

**(A)** Mínigh an téarma **oiliúint ionduchtaithe**. (10 marc)

**(B)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann *Sár-Éadaí* as oiliúint a chur ar a bhfoireann díolacháin. (15 mharc)

**(C)** Mínigh an téarma **sochar comhchineálach**. (15 mharc)

**(D)**

Tá Orla tosaithe ag obair le *Sár-Éadaí* mar Chúntóir Díolacháin. Íocfar €15.00 in aghaidh na huaire léi. Íoctar am dúbailte leis an bhfoireann ar Lá Fhéile Stiofáin i.e. dúbailt an phá in aghaidh na huaire.

(i) Mínigh an téarma **Pá Comhlán**.
(ii) Má oibríonn Orla ar feadh 10 n-uair an chloig i ngnáthsheachtain, déan a pá comhlán seachtainiúil a ríomh.
(iii) Má oibríonn Orla ar feadh 8 n-uair an chloig ar Lá Fhéile Stiofáin, déan a pá comhlán a ríomh don lá sin. (15 mharc)

**(E)**

Is bainisteoir í Fíona ag *Sár-Éadaí*. Faigheann sí €35,000 in aghaidh na bliana mar Thuarastal Comhlán. Glac leis go ndéantar asbhaintí a ríomh mar seo a leanas:
ÍMAT (PAYE) Glan = €3,700, is ionann ÁSPC (PRSI) agus 7% den Tuarastal Comhlán agus is ionann MSU (USC) agus 3% den Tuarastal Comhlán.

(i) Déan asbhaintí **iomlána** bliantúla Fhíona a ríomh. **Taispeáin do chuid oibre**.
(ii) Déan **Tuarastal Glan Bliantúil** Fhíona a ríomh. **Taispeáin do chuid oibre**. (20 marc)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 6

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



**Beár Uachtar Reoite Gelato Shiobhán**

Smaoinigh Siobhán ar bheár uachtar reoite a bhunú nuair a bhí sí ar saoire san Iodáil. Rinne Siobhán taighde margaidh agus bhailigh sí eolas faoin tionscal, faoina cuid iomaitheoirí agus faoi roghanna na gcustaiméirí. I mí Aibreáin 2017, d'oscail sí *Beár Uachtar Reoite Gelato Shiobhán*.

**(A)** (i) Ainmnigh an áit a bhfuair Siobhán an smaoineamh faoina gnó uachtar reoite nua.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse eile ónar féidir le fiontraithe smaointe a fháil do tháirgí nua. (15 mharc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma **taighde margaidh**.
(ii) Mínigh, agus sampla á úsáid agat i n**gach** cás, an difríocht idir taighde príomhúil agus taighde tánaisteach. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc ar cheart do Shiobhán iad a chur san áireamh nuair atá praghas a huachtair reoite á shocrú aici. (15 mharc)

**(D)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair an cheist a leanann é.

Bhí an-díol ar fad ar Uachtar Reoite Gelato Shiobhán mar thoradh ar theas mór an tsamhraidh in 2018.

Rinneadh anailís **LLDB** agus léiríodh na nithe seo a leanas:
**(a)** D'oscail iomaitheoir beár uachtar reoite in aice láimhe le gairid.
**(b)** Tá Siobhán ag smaoineamh ar an dara beár uachtar reoite a oscailt i samhradh 2020.
**(c)** Níl an pacáistiú agus an sceanra atá in úsáid ag an ngnólacht in-bhithmhillte.
**(d)** Tá dea-cháil bainte amach ag an mbeár uachtar reoite maidir le huachtar reoite ar ardchaighdeán agus seirbhís den scoth.

Sainaithin na heilimintí in anailís LLDB (Láidreacht, Laige, Deis agus Bagairt) ón liosta **(a)** go **(d)** thuas. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh Béar Uachtar Reoite Gelato Shiobhán a bheith níos freagraí maidir leis an gcomhshaol. (10 marc)

**(75 marc)**

## GNÓ I nGNÍOMH

**CEIST 7**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Sceanra Cúraim Comhshaoil**



Nuair a léigh sé alt faoi dhlí nua a ritheadh sa Fhrainc, lena n-éilítear go ndéanfaí na cupáin phlaisteacha, an sceanra agus na plátaí go léir a mhúiríniú, smaoinigh Brian ar a ghnólacht féin, **Sceanra Cúraim Comhshaoil**, a bhunú agus feidhmiú mar thrádálaí aonair. Táirgeann an gnólacht earraí lónadóireachta atá éiceabhách agus indiúscartha. Déanann sé cupáin, sceanra agus plátaí is féidir a mhúiríniú. As ábhair ó fhoinsí bitheolaíochta amhail plandaí a dhéantar iad.

**(A)** (i) Mínigh an téarma **trádálaí aonair**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le dul i mbun gnó mar thrádálaí aonair. (15 mharc)

*Déanann Sceanra Cúraim Comhshaoil a gcuid táirgí agus modhanna baisctháirgthe á n-úsáid acu.*

**(B)** (i) Mínigh an téarma **baisctháirgeadh**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhodh táirgthe **amháin** eile. (15 mharc)

**(C)**

Bhain Sceanra Cúraim Comhshaoil feidhm as na foinsí airgeadais seo a leanas: rótharraingt bhainc, creidmheas trádála agus fruilcheannach. Tá sé i gceist ag Sceanra Cúraim Comhshaoil deontas agus iasacht fhadtéarmach a lorg chun an gnólacht a fhás.

Mínigh **trí** cinn ar bith de na foinsí airgeadais a bhfuil líne fúthu san alt thuas. (20 marc)

**(D)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair an cheist a leanann é.

Tá Sceanra Cúraim Comhshaoil ag smaoineamh ar fhairsingiú trí chumasc le gnólacht den chineál céanna atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh gnólacht roghnú fairsingiú a dhéanamh. (15 mharc)

**(E)** Mínigh an téarma **cumasc**. (10 marc)

**(75 marc)**

## GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 8

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.







Tá modhanna éagsúla ann chun do bhranda a chur chun cinn. Úsáideann Lidl agus Centra an urraíocht mar mhodh Caidrimh Phoiblí.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as an urraíocht mar mhodh Caidrimh Phoiblí (PR). (10 marc)

**(B)** Déan plé ar **thrí** theicníc chun díolacháin a chur chun cinn a úsáideann miondíoltóirí amhail Lidl agus Centra chun díolacháin a mhéadú. (15 mharc)

**(C)**

> Baineann Lidl agus Centra úsáid as meáin éagsúla chun fógraíocht a dhéanamh.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an bhfógraíocht.
(ii) Déan liosta de **dhá** mheán fógraíochta a d’fhéadfadh miondíoltóirí a úsáid **agus** tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do rogha i n**gach** cás. (20 marc)

**(D)**

> Tá Maidhc ag smaoineamh ar a shiopa féin a oscailt. Léigh sé ar líne go bhfeidhmíonn Centra mar shaincheadúnas.

(i) Mínigh an téarma **saincheadúnas** mar chineál úinéireachta gnó.
(ii) Déan liosta de **dhá** shampla eile de shaincheadúnais. (20 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do Mhaidhc a bhaineann le Centra a bhunú faoi shamhail an tsaincheadúnais seachas feidhmiú mar mhiondíoltóir neamhspleách.
(10 marc)

**(75 marc)**

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a chur ar ais i dteannta an fhreagarleabhair a úsáidtear chun Cuid 2 a fhreagairt.**

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo